

*An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*  
*National Council for Curriculum and Assessment*

# **Tionscadal Píolótach ar Nuatheangacha sa Bhunscoil**

**Treoirlínte don dréacht-churaclam**

*Eanáir 2000*

DEARTHÓIR LOGO AN TIONSCADAIL PHÍOLÓTAIGH: DAMIEN HARRINGTON

---

P. 59360 Gr. 30-01 500 1/00 Cló Brunswick Teoranta

## Clár an ábhair

	<b>Leathanach</b>
Réamhrá	5
Snáitheanna	7
Inniúlacht chumarsáideach	7
Feasacht teanga	8
Feasacht chultúrtha	9
Snáithaonaid	10
Éisteacht	10
Labhairt	11
Léitheoireacht	11
Scríbhneoireacht	11
Teicneolaíocht an eolais	12
Teanga sa seomra ranga	13
Feidhmeanna teanga	14
Topaicí	14
Nuatheangacha laistigh den churaclam bunscoile	14
Aidhmeanna	15
Cuspóirí	16
Prionsabail	17
Pleanáil	18
Foramharc ar an ábhar	19
Inniúlacht chumarsáideach	21
Feasacht teanga	31
Feasacht chultúrtha	37
Ag forbairt na dtopaicí	43
Measúnú ar nuatheangacha	51
Feidhmeanna teanga	
Français	57
Deutsch	65
Español	73
Italiano	81
Rogha tagairtí agus áiseanna	89
Baill an Ghrúpa Chomhairligh	93

LEATHANACH BÁN

# Nuatheangacha sa bhunscoil

## Réamhrá

Cuidíonn foghlaim teanga eile le forbairt scileanna pearsanta, cognaíocha agus sóisialta an pháiste. Forbraíonn sí scileanna glactha agus treisíonn sí cumas cumarsáideach an pháiste. Faigheann an foghlaimeoir feasacht ar theanga agus ar conas a oibríonn sí, agus spreagtar é/í chun fuaimeanna, rithimí, tuineacha agus bealaí difriúla chun brí a chur in iúl a idirdhealú. Más eispéireas taitneamhach é foghlaim teanga, déantar an páiste a inspreagadh chun bualadh lasmuigh dá bhfuil ar eolas cheana féin. Éascaíonn sí iniúchadh cineálacha eile cultúir agus dearcaidh eile ar an domhan.

Léiríonn tionscnaimh ag leibhéal na bunscoile i dtíortha eile go mbíonn an-tionchar ag dearcadh agus ag inspreagadh ar insealbhú teanga. Nuair a bhíonn na heispéiris ar fhoghlaim teanga deimhneach bíonn luathfoghlaimeoirí níos fearr ó thaobh na cluaise de agus léiríonn siad dearcadh níos fabhraí i leith teanga iasachta. Ní bhíonn an drogall céanna orthu fuaimeanna úra a rá ná botúin a dhéanamh, agus ar an ábhar sin bíonn fonn mór orthu teanga a fhoghlaim.

Bíonn baint ag oilteacht i dteanga iasachta le líon na n-uaireanta an chloig a bhítear i dteagmháil leis an teanga. Nuair a dhéantar cláir a phleanáil agus a mhúineadh go cúramach agus nuair a riartar ar leanúnachas idir cláir bhunscoile agus cláir dara leibhéil, bíonn an luath-theagmháil le sealbhú teanga tairbheach don pháiste i dtaca le dearcadh mar aon le hinniúlacht chumarsáideach.

I mbunscoileanna na hÉireann bíonn taithí ag na páistí cheana féin ar an dara teanga agus ar an gcultúr atá comhcheangailte léi. Tá sé le céill mar sin go leathnófaí a bhforbairt teanga a thuilleadh trí thaithí a thabhairt dóibh ar theanga eile agus ar a damhna cultúrtha.

Nuair a dhéantar iarracht an domhan a fheiceáil sa tslí ina bhfeiceann daoine eile é cuidíonn sé go mór le mothálacht phearsanta agus chultúrtha a chothú agus tig leis dúshraith chun tuisceana agus caoinfhulaingte a thógáil faoi phobail an domhain. Is minic a mheastar gurb é foghlaim na teanga an bealach is éifeachtaí chun cultúr a thuiscint mar go gcuireann sé ar chumas duine an domhan a fheiceáil trí shúile daoine eile. Tar éis d'foghlaimeoir cultúr daoine eile a iniúchadh is minic gurb é a thoradh seo go mbreathnaíonn sé/sí as an nua le suim agus tuiscint ar a (h)oidhreacht chultúrtha féin. Cothaíonn an snáithe um *fheasacht chultúrtha* caoinfhulaingt daoine eile sa bhaile agus i gcéin trí aire a dhíriú ar chultúr, ar thraidisiúin agus ar nósanna daoine eile.

Tá comhpháirt dar teideal *feasacht teanga* san áireamh freisin. Díríonn sí seo aire ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha atá ar eolas cheana féin agus an teanga nua.

Is iad seo trí shnáithe an churaclaim:

- Inniúlacht chumarsáideach
- Feasacht teanga
- Feasacht chultúrtha.

## Cur chuige cumarsáideach

Go dtí seo baineadh feidhm as modhanna ilghnéitheacha i dtaca le foghlaim teanga in Éirinn. Áirítear orthu sin modh na gramadaí agus an aistriúcháin, an modh díreach, an cur chuige struchtúrtha agus an modh closlabhartha-closamhairc.

Cuimsíonn curaclam teanga an lae inniu cur chuige cumarsáideach ina spreagtar páistí chun an teanga a úsáid ar bhealach tuisceanach ábhartha a bhíonn ag teacht lena n-aois agus le leibhéal a spéise. Is ar fhorbairt scileanna na héisteachta, na labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta trí mheán na snáitheanna a chuirfear an treise.

Cuireann cur chuige cumarsáideach i dtaca le teagasc teanga béim ar athrú dearcaidh a theacht ar an múinteoir agus ar an bhfoghlaiméir. Ní modh é, ach toisc cumarsáid idir fhoghlaiméirí a bheith i gcroílár cur chuige chumarsáidigh agus toisc go bhfoghlaimíonn foghlaiméirí ar bhealaí ilghnéitheacha, bainfear feidhm as a lán modhanna agus straitéisí le haghaidh teagaisc agus foghlama.

Is í an tsaintréith is suntasaí a bhaineann le chur chuige cumarsáideach ná go ndíríonn sé ar riachtanais agus achair spéise an fhoghlaiméora. I ngach ceacht cuirfidh an t-ionchur tosaigh a chuirtear i láthair an pháiste ar a c(h)umas bheith páirteach i bhfíorchumarsáid, mar shampla ag déanamh tascanna nó ag imirt cluichí teanga. Cuireann cur chuige cumarsáideach béim ar bhríonna agus ar theachtaireachtaí a chur in iúl seachas ar tharchur struchtúr atá ceart ó thaobh gramadaí. De bhrí go gcreideann múinteoirí gurb í an bhrí an ghné lárnach déanfaidh siad ceartú na bhfoghlaiméirí a sheachaint fad a bhíonn an tréimhse chumarsáideach den cheacht ar siúl. Is féidir ceartú agus tuilleadh cleachta a dhéanamh i rith chéim iarchumarsáideach an cheachta nó i gcéim ionchuir ceachta eile.

Baintear feidhm as an gcur chuige seo ag an dara leibhéal in Éirinn chun gach nuatheanga a theagasc. Samhlaítear gurb é seo an cur chuige a úsáidfear do theagasc na Gaeilge sa churaclam leasaithe do bhunscoileanna.

Cuimseoidh cur chuige cumarsáideach na straitéisí seo a leanas:

- Féachaint chuige go mbeidh an foghlaim taitneamhach de bhrí go mbeidh na topaicí agus na téamaí mar aon leis an teanga a úsáidtear oiriúnach d'aois an pháiste agus bainteach lena (h)achair spéise
- Páirtíocht ghníomhach an pháiste i ngníomhaíochtaí foghlama tascbhunaithe
- Deiseanna a bheith ag an bpáiste struchtúir abairte agus ghramadaí chomh maith le stór focal a bhíonn foghlamtha cheana a athchúrsáil i gcomhthéacsanna úra
- Na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh, mar shampla ag bualadh le daoine agus ag beannú dóibh, ag cur agus ag freagairt ceisteanna agus ag labhairt faoi na mothúcháin (is féidir iad seo a fháil ag deireadh na cáipéise curaclaim)
- Ag úsáid gníomhaíochtaí ina mbíonn 'bearna chumarsáide' le líonadh d'fhonn an páiste a spreagadh chun an teanga a úsáid mar uirlis riachtanach chun tasc a chríochnú, mar shampla ag críochnú pictiúir trí threoracha ó pháiste eile a leanúint, ag dul ar aghaidh go dtí malartú eolais a chuirfidh ar chumas an dá pháirtí tasc áirithe a chríochnú
- Ag cur béime ar a thábhachtaí atá sé go dtuigfeadh duine agus go dtuigfí é/í
- Ag tabhairt earráidí faoi deara agus ag plé leo amach anseo.

## Snáitheanna

Is iad seo snáitheanna churaclam na nuatheangacha


- *Inniúlacht chumarsáideach* a chuireann ar chumas an pháiste teanga a úsáid go cuí i raon comhthéacsanna
- *Feasacht teanga* a chinntíonn go bhforbraítear agus go dtreisiítear taithí an pháiste ar mhianach agus ar fheidhmeanna teanga trí chur chuige comhtháite curaclaim a chur i bhfeidhm
- *Feasacht chultúrtha* a chuimsíonn gné chultúrtha Eorpach níos fairsinge.

Sa churaclam seo pléitear leis na trí shnáithe go leithleach. I ndáiríre, áfach, beidh siad ag dul isteach ina chéile go mór, go háirithe na snáitheanna *Inniúlacht chumarsáideach* agus *Feasacht teanga*.

I gcomhréir le gnéithe eile den churaclam teanga ag leibhéal na bunscoile, comhtháthófar na ceithre scil teanga—éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht—nuair a bhíonn ábhar na trí shnáithe á iniúchadh agus á fhorbairt.

### Inniúlacht chumarsáideach

Samhlaítear sa churaclam do nuatheangacha cur chuige cumarsáideach ina gcuirfear ar chumas an pháiste an teanga a fhoghlaimítear a úsáid i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha. I dtreo go mbeidh sé/sí ag saothrú i dtreo inniúlachta cumarsáidí pléifidh an páiste le tascanna réamhchumarsáideacha, cumarsáideacha agus iarchumarsáideacha.



Sna tascanna réamhchumarsáideacha leagtar síos i dtosach an comhthéacs ina bhfoghlaimeofar an teanga. Ní mór an páiste a spreagadh chun foghlama. Déanfar sealbhú stór fhocal agus bunú ceartstruchtúr gramadaí a iniúchadh. Ullmhaíonn gníomhaíochtaí sa chéim seo an páiste don tréimhse chumarsáideach. Soláthraíonn siad don pháiste na struchtúir riachtanacha theanga agus ghramadaí a úsáidfeair i ngníomhaíochtaí cumarsáideacha. Sa tréimhse seo freisin is féidir aire an pháiste a dhíriú ar theanga a d'fhoghlaim sé/sí cheana féin agus ar conas is féidir í a athúsáid i gcomhthéacs na topaice 'nua'.

Cuireann tascanna cumarsáideacha dúshlán faoin bpáiste feidhm a bhaint as an teanga a mbíonn tarraingt aige/aici uirthi chun idirghníomhú go héifeachtach le daoine eile trí rólghlacadh, chumarsáid éifeachtach, idirghníomhú sóisialta agus chluichí teanga.

Sna tascanna iarchumarsáideacha bítear ag obair leis an bpáiste ag déanamh anailíse ar conas a d'éirigh leis an ngníomhaíocht chumarsáideach agus ag aithint stór focal agus struchtúr abairtí a bheadh riachtanach chun feabhas a chur ar a g(h)nóthachtáil. Soláthraíonn siad deis freisin obair ar fhorbairt scileanna a dhéanamh, an teanga a athchúrsáil agus cruth eile uirthi: mar shampla, is féidir an chaint a athúsáid i bhfoirm shimplí scríofa.

I bhfoghlaim teanga bíonn forbairt na gceithre scil chumarsáideach—éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht—i gceist. Soláthraíonn an teanga ó bhéal go háirithe an dúshraith le haghaidh foghlaim teanga. Treisíonn foghlaim teanga eile scileanna eile chomh maith a bhfuil tábhacht leo i ndul chun cinn forásach an pháiste. Cuimsíonn na scileanna seo ag cur i gcóimheas agus i gcodarsnacht, ag léirmhíniú, ag cur de ghlan mheabhair agus ag éisteacht d'fhuaimneanna faoi leith.

## Feasacht teanga

Baineann tábhacht faoi leith le comhpháirt ar fheasacht teanga i gcomhthéasc na hÉireann. Bíonn taithí ag páistí i ranganna 5 agus 6 ar dhá theanga cheana féin, Gaeilge agus Béarla. Toisc go bhfoghlaimíonn páistí trí dhul ar aghaidh ón ní aithnidiúil go dtí an ní anaithnid, d'fhéadfaí na teangacha seo a úsáid mar bhunús comparáide leis an sprioctheanga. Tá feasacht teanga ina chomhpháirt freisin den churaclam Gaeilge agus Béarla araon. Is féidir comparáidí idir na teangacha seo agus an sprioctheanga a léiriú i slite éagsúla, mar shampla trí dhíriú ar an aibítir, ar struchtúr abairtí, ar chomhghnásanna teanga, ar an teanga a oireann do thosca áirithe agus ar rialacha simplí atá fóirstineach do na teangacha. Ba chóir an páiste a chur ar an eolas faoi leideanna comhthéacsacha, poncaíocht, ton na cainte agus an bhéim. Is féidir aire a dhíriú freisin ar fhuaimneanna comhchoitinne laistigh de gach teanga ar leith agus ar ghnáthfhoircinn focal.

Chun na cosúlachtaí idir theangacha a léiriú, is féidir focail ón sprioctheanga a chur i gcomparáid le focail atá ar eolas cheana féin, m.sh. 'mutter' agus 'mother', 'the table' agus 'la table', 'hata' agus 'hat', 'actividades' agus 'activities', 'una storia' agus 'a story' agus 'une histoire'. Is féidir a chur in iúl freisin gurb amhlaidh nach bhfuil aon inscne ag ainmfhocail sa Bhéarla, rud nach fíor i gcás teangacha eile. Músclaíonn buneolas ar fheasacht teanga mothálacht sa pháiste i dtaca leis an mbealach a oibríonn teanga.

Léiríonn stair leathadh na dteangacha ar fud na hEorpa conas a tháinig teangacha chun cinn. Ar léarscáil den domhan, is féidir na ceantair ina labhraítear an sprioctheanga a thaispeáint. B'fhéidir léarscáil teanga den Eoraip a léireodh na háiteanna a labhraítear Fraincis,



Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis a dhéanamh agus a chur ar taispeáint. Is féidir an páiste a spreagadh chun ceantair ina labhraítear teangacha eile a bhfuil eolas aige/aici fúthu a chur isteach ina léarscáil phearsanta féin.

### **Feasacht chultúrtha**

Cuireann feasacht chultúrtha i gcomhthéacs na bunscoile ar chumas an pháiste foghlaim mar gheall ar shaol agus achair spéise páistí atá ar comhaois leis/léi féin i dtíortha eile. Is féidir aird a dhíriú ar bhailte, scoileanna, laethanta saoire, bhia, fhéilte, nósanna agus thraidisiúin.

Nuair a dhéantar iarracht an domhan a fheiceáil sa tslí ina bhfeiceann daoine eile é cuidíonn sé le mothálacht pearsanta agus cultúrtha a chothú agus tig leis dúshraith thuisceana idir náisiúin a leagan. Nuair a chuirtear an snáithe seo san áireamh, aithnítear an tábhacht a bhaineann le saothrú thuisceana, léirtheuisceana agus caoinfhulaingthe cuimsithí i dtaca le daoine eile sa bhaile agus i gcéin. Is féidir tosú ar an mbuanchruthú a iniúchadh trí shuntasú a dhéanamh ar léirithe buanchruthacha d'Éireannaigh agus an leagan sin a chur i gcóimheas leis an réaltacht. Is féidir ansin tátal a bhaint as seo faoi cé chomh cruinn, nó a mhalairt, agus atá buanchruthanna de náisiúin agus de chultúir eile. Tugann foghlaim teanga an deis agus an comhthéacs lenar féidir a lán gnéithe de chultúr eile a scrúdú.

Pléifidh an snáithe faoi *fheasacht chultúrtha*, go mór mór, leis an sprioctheanga agus leis na tíortha nó na ceantair ina labhraítear í. D'fhéadfadh ócáidí a bheith ann, áfach, ag brath ar leibhéal cumais an ranga, ina ndéanfaí cultúir eile a scrúdú, fad a leanfaí de bheith ag obair trí mheán na sprioctheanga.

Cuireann an snáithe faoi fheasacht chultúrtha a lán deiseanna ar fáil chun comhtháthú a dhéanamh le hachair eile den churaclam. D'fhéadfadh naisc leis an gcuraclam in oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE), mar shampla, deiseanna a sholáthar chun nósanna agus traidisiúin daoine eile a phlé agus iad a chur i gcomparáid le nósanna agus traidisiúin na hÉireann. D'fhéadfaí aire a dhíriú freisin ar na nithe a tháirgtear nó a dhéantar sna tíortha ina labhraítear an sprioctheanga, ar dhaoine clúiteacha ó na tíortha sin agus ar an airgeadra áitiúil. D'fhéadfaí léarscáileanna a thabharfadh chun grinnis na háiteanna sa domhan ina labhraítear an sprioctheanga a thaispeáint freisin. Sna hamharcealaíona, d'fhéadfaí mionsamhlacha de shainchomharthaí san Eoraip nó níos faide i gcéin a thógáil. D'fhéadfaí ceol agus amhráin thraidisiúnta agus damhsaí tíre a fhoghlaim, agus éadach agus culaithirt thraidisiúnta a iniúchadh. Trí mheán an ríomhphoist agus an idirlín, b'fhéidir le páistí taitneamh a bhaint as bheith ag cnuasach tuilleadh eolais faoi na tíortha sin. Déanann cumarsáid le páistí eile atá ar comhaois leo féin an t-eolas seo a 'fhíordhearbhú' agus daingníonn sí ina n-aighe é.

## Snáithaonaid

Is iad ‘Éisteacht’, ‘Labhairt’, ‘Léitheoireacht’ agus ‘Scríbhneoireacht’ na ceithre shnáithaonad. Ar mhaithe leis an gcuraclam agus le soiléireacht pléitear leo go leithleach sa chuid seo. Sa rang teanga ag leibhéal sinsearach na bunscoile, áfach, bíonn na snáithaonaid seo comhghaolmhar agus forbraítear iad in éineacht lena chéile. Foghlaimíonn an páiste i slite ilghnéitheacha agus mar sin tá sé tábhachtach go gcuirfí eispéiris shaibhre ar fáil dó/di agus sa chaoi sin go soláthrfaí bonn leathan chun teanga nua a thionscnamh ag an leibhéal seo.

D’fhéadfadh teagasc teanga i gcomhthéacs curaclaim chomhtháite cuidiú le sárú fadhbanna maidir le leanúnachas teanga ag leibhéal an iar-bhunoideachais. Is féidir gníomhaíochtaí a mhúintear sa sprioctheanga a úsáid chun scileanna a múineadh den chéad uair sa mháthairtheanga a threisiú agus a dhaingniú. Is féidir scileanna foghlama a saothraíodh in achair churaclaim eile a threisiú freisin.

## Éisteacht

Faigheann páiste taithí ar theanga i dtosach trí í a chloisteáil. Bíonn ‘fuaim’ na máthairtheanga cloiste ag an bpáiste an-óg i bhad sula labhraíonn sé/sí í. Mar sin bíonn scileanna glacacha an pháiste chun tosaigh ar a scileanna cur in iúl i gcónaí. Tá forbairt scil éisteachta an pháiste ríthábhachtach i dtaca le sealbhú rathúil teanga. Bealach bailí chun tuiscint a léiriú is ea freagairt d’ordú tríd an tasc a bhíonn i gceist a dhéanamh, gan focal a bheith á labhairt ag an bpáiste. Ní féidir béim sách mór a chur ar an leas a bhaineann le teagmháil a bheith ag an bpáiste le fuaim na teanga ‘nua’, mar go gcuirtear ar a c(h)umas fuaimniú agus struchtúr abairtí a bhíonn cruinn a chloisteáil.

Is féidir scil na héisteachta a fhorbairt go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil. Is féidir leis an múinteoir an teanga a úsáid mar mheán cumarsáide ag tráthanna éagsúla i rith an lae scoile agus ba chóir úsáid spontáineach na teanga a spreagadh. Ba chóir comhthéacsanna foirmiúla le haghaidh foghlama idirghníomhaí a cheapadh freisin. Trí ghothaí agus trí athruithe i dtion an ghutha a úsáid agus trí leideanna comhthéacsacha a sholáthar spreagann an múinteoir an páiste chun cluas ghéar a thabhairt don bhrí nó d’fhuaimneanna agus struchtúir abairte faoi leith, mar shampla ag aithint fuaimneanna a bhaineann leis an teanga nua amháin, ag baint tátal, ag baint úsáide as an leagan neamhfhoirmiúil ceiliúir agus an leagan béasach.

Forbraítear scileanna éisteachta a thuilleadh nuair a spreagtar an páiste chun cluas ghéar a thabhairt do ghnéithe faoi leith den teanga. Is féidir teangacha eile a chur san áireamh nuair is cuí sin. Mar shampla, is féidir an abairt chéanna a rá i nGaeilge, i mBéarla agus sa sprioctheanga agus a iarraidh ar an bpáiste na cosúlachtaí nó na difríochtaí a aithint. Féadfar a iarraidh ar an bpáiste freisin éisteacht le sleachta as teangacha difriúla á labhairt agus an sprioctheanga a aithint.

Is féidir taifeadtaí údaracha d’fhuaimneanna an ghnáthshaoil i dtíortha eile a úsáid, mar shampla i stáisiún faoi thalamh, ar an mbus, ar shráid ghnóthach agus ar scoil. Ní miste aird a dhíriú freisin ar an mbealach a gcuirtear síos ar fhuaimneanna ainmhithe agus a ndéantar agalla i dteangacha eile. Is féidir úsáid a bhaint as scéalta, dánta, rímeanna, amhráin, salmaireacht snagcheoil agus ábhar taifeadta ar chaiséid agus ar fhíseáin chun atmaisféar bríomhar spreagthach a chruthú. Ba chóir cibé cláir ríomhaire a úsáidtear a bheith ar ardchaighdeán oideachasúil. Áit a mbíonn ábhar idirghníomhach in úsáid, ba chóir go soláthródh sé deashamplaí fuaimnithe agus go meallfadh sé páistí sinsearacha sa bhunscoil.

## Labhairt

De réir mar a fhásann a n-inniúlacht ó bhéal cuirfear ar chumas páistí idirghníomhú go muiníneach le daoine eile. Foghlaimeoidh siad conas iad féin a chur in aithne agus labhairt mar gheall orthu féin, a dteaghlach, a dtimpeallacht (baile, scoil, baile mór, sráidbhaile, siopaí), a laethanta saoire, a gcaitheamh aimsire agus a sainchaitheamh aimsire.

Tá gníomhaíochtaí ina mbíonn ‘bearna chumarsáide’ an-éifeachtach chun páistí a spreagadh chun labhairt sa sprioctheanga. I ngníomhaíochtaí den chineál seo, bíonn páiste amháin i seilbh eolais a bhíonn de dhíth ar pháiste eile. Ní mór an sprioctheanga a úsáid chun an fhadhb a réiteach nó chun an ní a aimsiú. Tá rólghlacadh, cluichí focal, cluichí cártaí agus puipéid úsáideach chun páirtíocht i ngníomhaíochtaí teanga ó bhéal a spreagadh. Cuireann físnaisc idir scoileanna ar chumas páistí dul i mbun cumarsáide údaraí a mbíonn brí léi le páistí den aois chéanna i dtíortha eile ina labhraítear an sprioctheanga.

Caithfidh an t-eispéireas foghlama teanga a bheith deimhneach agus taitneamhach. I dtimpeallacht spreagthach gríosófar an páiste chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teanga ó bhéal. Nuair a bhíonn muinín ag an bpáiste as a c(h)umas chun foghlama, sealbhóidh sé/sí na scileanna atá riachtanach chun bheith ina fhoghlaimeoir rathúil teanga.

## Léitheoireacht

Tugann forbairt na scile seo ar an bpáiste bheith páirteach i ngné thábhachtach eile d’fhoghlaim teanga. Is féidir tosú ar an léitheoireacht ar shlite ilghnéitheacha amhail lipéid a chur ar nithe sa seomra ranga, an dáta a thaispeáint nó frásaí a úsáidtear go minic a chur ar luaschártaí. Is féidir téacsanna simplí as scéalta atá cloiste agus pictiúr cuí a chur le chéile agus a léamh os ard ina dhiaidh sin. Samplaí d’ábhar léitheoireachta údarach is ea iad seo go léir: cartúin, oidis chócaireachta, cláir ama scoile, cláir ama bus agus traenach, biachláir, irisí, closleabhair agus cláir ríomhaire.

Bíonn scéalaíocht sa sprioctheanga an-éifeachtach nuair a bhíonn nuatheanga á tabhairt isteach. Ba chóir an scéal a roghnú go cúramach agus ba chóir go soláthródh sé dea-shamplaí fuaimnithe. Ba cheart dó a bheith bríomhar spreagthach, sa chaoi go gcuirfí an páiste ag éisteacht, ag tuar faoi cad é an chéad rud eile a tharlóidh agus ag freagairt ceisteanna.

Tá tábhacht ag baint le fuaimniú, tuin, agus gothaí oiriúnacha, mar cuidíonn siad leis an bpáiste an rud a bhíonn á léamh a thuiscint agus spreagann siad freisin é/í chun triail a bhaint as an léitheoireacht sa sprioctheanga.

## Scríbhneoireacht

Sula dtosaítear an teanga a scríobh, tá sé tábhachtach go mbeadh an páiste eolach ar fhuaim na teanga agus go mbeadh deiseanna faighte aige/aici ar fheidhm a bhaint as an teanga i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha laistigh den seomra ranga.

Foghlaimíonn páistí ar shlite ilghnéitheacha agus, i gcás a lán páistí, cuidíonn úsáid an fhocail scríofa lena mbíonn foghlamtha acu tríd an gcluas agus ó bhéal a dhaingniú. I ranganna 5 agus 6, cuireann obair scríofa sa sprioctheanga deis luachmhar ar fáil don pháiste ar mheastóireacht a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus aiseolas uirthi a fháil. Tá sé den tábhacht go soláthrófaí

comhthéacs ina mbíonn an teanga á foghlaim. Ba chóir don obair scríofa bheith i bhfad níos scóipiúla ná liostaí focal. Déanfar sealbhú na teanga a éascú don pháiste má bhíonn feidhm agus comhthéacs leis an obair scríofa. Is féidir an páiste a spreagadh freisin chun scríobh chuig daoine eile d'fhonn eolas a lorg nó a mhalartú i dtaca le tionscadal leanúnach.

I gcéimeanna tosaigh na scríbhneoireachta sa rang teanga is é a bheas i gceist ná focail agus frásaí a chóipeáil, lipéid a chur ar phictiúir agus bearnaí i gcleachtaí ghnáthamh an chlabhsúir a líonadh. Is féidir scéalta cartúin a úsáid ina mbíonn ar na páistí téacs oiriúnach a scríobh isteach sna 'bolgáin'. Is féidir póstaí agus fógraí a dhéanamh agus a chur ar taispeáint sa seomra ranga agus ar fud na scoile. D'fhéadfadh siad seo spóirt nó gníomhaíochtaí scíthe eile in Éirinn a léiriú agus a chur i gcomparáid lena mbíonn ar siúl i dtíortha eile. In éineacht leis an ábhar i nGaeilge agus i mBéarla a bhíonn ar taispeáint cheana féin, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann ar ábhar den chineál céanna a thaispeáint sa sprioctheanga.

Is féidir le húsáid na sprioctheanga cuidiú le treisiú agus daingniú a dhéanamh ar thopaicí a bhíonn pléite in achair eile den churaclam. Is féidir athchuidiú a thabhairt ar thíortha a bhfuil staidéar déanta orthu, lena mbratacha, a bpríomhchathracha, a spóirt agus a ngníomhaíochtaí scíthe mar aon le béim ar tháirgí a bhfuil dlúthbhaint acu leis na tíortha sin, ag baint úsáide as cur chuige éagsúil. Níor mhiste fuíoll-leabhair aonair nó ceann ranga a thiomsú ina mbeadh ábhar bunaithe ar a mbíonn foghlamtha. D'fhéadfadh sé seo na nithe is maith le páistí i dtíortha eile a ithe agus a ól a chuimsiú freisin.

### **Teicneolaíocht an eolais**

Bíonn teacht ag a lán daltaí ar ríomhairí. Acmhainn luachmhar teagaisc agus foghlama is ea iad. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide, agus naisc a bhunú le scoileanna eile sa bhaile agus i gcéin is féidir an páiste a spreagadh chun

- caidreamh a dhéanamh le cara pinn
- idirghníomhú le páistí i dtíortha eile trí fhíschomhdháil
- eolas agus ábhair a mhalartú leis an scoil nasctha
- ábhar a ullmhú le haghaidh taispeána
- cláir cuí ríomhaire a úsáid
- ábhar údarach éisteachta agus léitheoireachta a fháil
- scileanna próiseáil focal a úsáid chun leabhair shimplí a scríobh.

Trí úsáid a bhaint as ríomhphost agus as an idirlíon, is féidir teagmháil a dhéanamh le páistí bunscoile in áiteanna eile atá ag foghlaim Béarla, Gaeilge nó an sprioctheanga. D'fhéadfaí litreacha simplí a cheapadh sa sprioctheanga agus a mhalartú leis na páistí sin.

## Teanga an tseomra ranga

Is beag deis a bheas ag na páistí an teanga a úsáid lasmuigh den scoil. Tá sé den tábhacht mar sin go ndéanfaí soláthar sa seomra ranga do ghníomhaíochtaí réadúla agus imsamhalta a fhorbróidh agus a leathnóidh an próiseas foghlama teanga.

Is féidir le himthosca ilghnéitheacha ranga an comhthéacs do ghníomhaíocht údarach teanga a sholáthar:

- ag fáil freagraí le linn ghlaoch an rolla, amhail go bhfuil sise as láthair, go bhfuil seisean tinn agus go bhfuil siadsan ag an bhfiacloir
- ag iarraidh cead dul go dtí an leithreas, na cóipleabhair a roinnt amach, peann luaidhe a fháil
- ag iarraidh cabhrach chun fadhb a réiteach
- ag lorg eolais: Cén sórt aimsire atá ann? Cén lá é an lá inniu?
- ag soláthar teanga atá riachtanach do chluichí cláir agus do ghníomhaíochtaí eile grúpa a dhéanfadh an múinteoir nó na daltaí a aithint
- ag tabhairt treoracha chun fearas a fháil agus a dháileadh
- ag soláthar teanga atá riachtanach chun fearas seomra ranga, amhail téipthairfeadán, físeán, teilifíseán, ríomhaire, a úsáid.

Trí ghníomhaíochtaí rólghlactha samhlaíoch a úsáid, tugtar deis don pháiste ar an teanga a úsáid in imthosca insamhalta, mar shampla cuairt ar an bpictiúrlann, ag ceannach ticéad traenach nó ag ordú nithe i gcaife nó i mbialann.

De réir mar a thagann forbairt ar inniúlacht teanga an pháiste, is féidir agallaimh shimplí le piaraí agus díospóireachtaí leis an múinteoir a chur ar siúl.

## Comhthéacsanna cumarsáideacha inar féidir an teanga a fhoghlaim

Is ar an gcumarsáid a chuirtear an bhéim i gcuraclam teanga an lae inniu in ardranganna na bunscoile. Ní mór an teanga a mhúineadh don pháiste i dtosach. Cuirtear deiseanna ar fáil don pháiste ansin ar éisteacht leis an teanga á húsáid agus í a úsáid é/í féin. Is féidir leis seo tarlú i gcomhthéacs gnáth-ghníomhaíochtaí ranga agus i ngníomhaíochtaí insamhalta.

Tá sé tábhachtach freisin treise a chur ar an méid seo: gur féidir teanga a fhoghlaimítear le hí a úsáid i gcomhthéacs amháin a athúsáid i gcomhthéacs eile. Daingníonn athchúrsáil na teanga an méid a bhíonn foghlamtha cheana. Soláthraíonn an cumas seo chun teanga a aistriú agus a oiriúniú an bunús le haghaidh foghlaim teanga i ndáiríre.

Is féidir aistriú teanga a chothú trí mheán comhthéacsanna réadúla agus insamhalta sa seomra ranga. Is féidir le páiste é/í féin a chur in aithne agus glao fóin á dhéanamh aige/aici. Ní miste beannachtaí a mhúineadh i gcomhthéacs bheith ag bualadh le daoine ag stáisiún traenach nó ag an aerphort. Is féidir plé le cur síos ar an teaghlach trí bheith ag breathnú ar ghrianghraif de theaghlach na bpáistí sa rang nó trí ghrianghraif in irisí. Is féidir siopaí agus a gcuid earraí a iniúchadh fad a bhíonn plean de bhaile mór á thógáil. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an bplean céanna chun plé le treoracha a thabhairt faoi conas dul ó áit go háit. D'fhéadfaí tabhairt faoi líne ghinealaigh réadúil nó insamhalta a chur le chéile. Bheadh sé tráthúil taitneamh agus easpa taitnimh a thionscnamh nuair a bheadh bia agus béilí faoi thrácht.

## Feidhmeanna teanga

Is é is feidhmeanna ann ná an úsáid chumarsáideach a bhaintear as teanga rud a chumasaíonn cumarsáid a mbíonn brí léi. Úsáideann an páiste an teanga a bhíonn ar a c(h)umas chun feidhmeanna a chomhlíonadh amhail

- *bualadh le daoine agus beannú dóibh*
- *eolas a thabhairt agus a lorg, réitigh a fháil*
- *iarratais agus moltaí a dhéanamh*
- *tuairimí agus roghanna a léiriú.*

Tugtar liosta iomlán d'fheidhmeanna teanga maille le heiseamláirí i ngach ceann de na ceithre theanga Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis ar leathanach 57 ar aghaidh.

I rang teanga na bunscoile, múinfear na feidhmeanna seo i gcomhthéacs na dtopaicí a mholtar i gcuraclam na nuatheangacha.

## Topaicí

Soláthraíonn an liosta seo a leanas de thopaicí molta an comhthéacs le haghaidh teagasc nuatheanga laistigh de churaclam comhtháite sa bhunscoil. Seo iad, agus gan aon ord faoi leith orthu:

- teanga an tseomra ranga
- tú féin a chur in aithne
- labhairt faoin teaghlach agus faoin scoil
- uimhreacha, laethanta na seachtaine, míonna, séasúir, aimsir, lá breithe a imscrúdú
- am
- an áit a gcónaím, tithe
- féilte agus laethanta saoire
- sainchaitheamh aimsire nó caitheamh aimsire.

## Nuatheangacha laistigh den churaclam bunscoile

Rinneadh an dréacht-churaclam seo a fhorbairt i gcomhthéacs an leagain leasaithe de Churaclam na Bunscoile. Tá gach snáithe roinnte ina shnáithaonaid. Déantar tuilleadh forbartha ar na scileanna laistigh de na snáithaonaid sin. Iniúchfar na moltaí a dhéantar i dtaca le forbairt na scileanna ag leibhéal a oireann do chumas an pháiste i ranganna sinsearacha na bunscoile.

Is cúnaimh luachmhar é i ngach achar den churaclam spéis agus tacaíocht na dtuismitheoirí. Is nasc tábhachtach é an nasc idir an baile agus an scoil. I dtaca le nuatheangacha de, nuair is léir spéis agus díograis a bheith ag na tuismitheoirí d'fhéadfadh sé go mbainfí feidhm sa bhaile as an méid a foghlaimíodh ar scoil.

## Na haidhmeanna le teagasc nuatheanga sa bhunscoil

Is iad aidhmeanna curaclaim nua-aimseartha do nuatheangacha ná:

- dearcadh deimhneach a chothú i leith foghlaim teanga agus féinmhuinín, féinmheas agus taitneamh i bhfoghlaim teanga a chur chun cinn
- inniúlacht chumarsáideach a fhorbairt a chuirfidh ar chumas an pháiste an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha
- feasacht faoin spriotheanga maille leis an ngaol atá aici le teangacha eile a fhorbairt
- feasacht, léirthuisicint agus meas an pháiste ar chultúir eile a fhorbairt, go háirithe na cinn atá bainteach leis an spriotheanga.

## Na cuspóirí le teagasc nuatheanga sa bhunscoil

Is iad aidhmeanna an churaclaim do nuatheangacha ná go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a fháil as gníomhaíochtaí teanga
- na gnéithe spráíúla go léir de theanga a iniúchadh agus a imscrúdú agus taitneamh a bhaint astu
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama teanga le féinmhuinín, agus féinmheas an pháiste a threisiú dá réir
- scil na héisteachta gníomhaí a fhorbairt trí mheán gníomhaíochtaí ilghnéitheacha a chuimsíonn scéalaíocht, filíocht, amhráin, cluichí, ábhair oiriúnacha chloiste, chlosamhairc agus ríomhaire
- bheith feasach ar an tionchar a bhíonn ag infhilleadh, béim, blas agus ord na bhfocal ar chiall an méid a bhíonn á rá
- éifeacht thon an ghutha, dreach na haghaidhe agus gothaí a thuiscint
- muinín a ghnóthú agus é/í ag caint faoina t(h)uairimí agus a t(h)aithí
- fuaimniú cruinn a fhorbairt trí bheith i dteagmháil le hábhair údaracha chloiste nó éisteachta
- a stór focal a fhorbairt agus a leathnú
- máistreacht oiriúnach ar an ngramadach a fhorbairt d'fhonn cumarsáid a dhéanamh go simpí agus go héifeachtach
- tosú ar an teanga a léamh agus a scríobh de réir mar a fhásann a (h)inniúlacht ó bhéal
- léirthuiscint ar an ngaol atá idir theangacha a fhorbairt trí fheasacht ar chosúlachtaí agus ar dhifriúcháí
- a c(h)uid foghlama teanga a threisiú trí fheasacht ar ilghnéitheacht sa ghramadach agus i ndéanamh abairtí
- foghlaim mar gheall ar ghnéithe cultúrtha tíortha eile, amhail stíl mhaireachtála, nósanna, traidisiúin, ceol, ealaín agus litríocht
- céannacht agus ilchineálacht chultúrtha a léirthuiscint agus a mhórluacháil.



## Prionsabail le haghaidh clár teanga sa bhunscoil

- Ba chóir an clár a bheith leanbhlánach spreagthach. Ba chóir dó aird a thabhairt ar aois agus leibhéal spéise an pháiste mar aon leis an ngné shóisialta de shaol an pháiste. Ba chóir don pháiste bheith gafa go gníomhach ina (h)insealbhú ar an teanga. Má shealbhaítear spéis an pháiste músclófar an t-inspreagadh chun foghlama agus déanfar a d(h)ul chun cinn sa teanga a éascú agus a spreagadh.
- Ba chóir go mbeadh na topaicí a bpléifí leo bainteach leis an bpáiste agus lena (h)achair spéise agus a t(h)aithí. Ba chóir iad a bheith suite i gcomhthéacs réalaíoch ina mbíonn ar an bpáiste idirghníomhú ó bhéal le daoine eile chun eolas a roinnt, rud a chuirfidh ar a c(h)umas tascanna a leagtar air/uirthi a dhéanamh go rathúil.
- Ba chóir tosaíocht a bheith ag an sprioctheanga mar shlí chumarsáide sa rang teanga.
- Ba chóir don mhúinteoir bheith ina (h)eiseamláir agus labhairt ar luas comhráiteach ag baint feidhme as raon saibhir teanga. Ba chóir an t-ionchur teanga a bheith sothuigthe, ach gan srian a bheith ar an stór focal a úsáidtear.
- In éineacht leis an teanga a fhoghlaim, ba chóir aird an pháiste a dhíriú ar conas a fhoghlaimítear teanga.
- Ní mór féachaint chuige go mbíonn foghlaim teanga den chéad scoth. Ba cheart eiseamláirí d'fhuaimniú ceart a chur i láthair na bpáistí d'fhonn cruinneas cainte a chinntiú agus taithí ar chora cainte a fhorbairt.
- Is gá pleanáil le haghaidh traschur éifeachtach eolais chun a chinntiú go ndéanfar a mbíonn *foghlamtha* cheana féin a athúsáid i gcomhthéacs eile tráth a dtarraingtear topaic *úr* anuas. I Réamhrá Churaclam na Bunscoile déantar tagairt do nádúr forásach na foghlama, áit a moltar go dtabharfaí deis don pháiste filleadh ar eolas, ar idéanna agus ar scileanna áirithe go tráthrialta d'fhonn a c(h)uid eolais orthu a dhoimhniú.
- Ba cheart go gcuimseodh cur chuige agus modhanna teagaisc an tionscadail gach gné d'acmhainní agus de phróifíl intleachta an pháiste. Chuige seo, soláthrófar éagsúlacht san eagrú ranga a chuimseoidh gníomhaíochtaí ina n-aonar, ina mbeirteanna, ina ngrúpaí agus mar rang iomlán.
- Cur chuige comhtháite a bheas i gceist, is é sin go ndéanfaí forbairt teanga, feasacht chultúrtha, inniúlacht chumarsáideach agus achair eile den churaclam a chomhchealgal go héifeachtach.
- Úsáidfear raon leathan d'ábhair nua-aoiseacha tarraingteacha a bheas ar ardchaighdeán oideachasúil chun na nuatheangacha a theagasc sna ranganna bunscoile.
- Bheadh sé inmhianaithe éagsúlú a bheith i raon na dteangacha a mhúiní.
- Cothófar meas agus caoinfhulaingt i dtaca le daoine eile agus a gcultúir.

## **Pleanáil an churaclaim i ranganna 5 agus 6 don Tionscadal Píolótach ar Nuatheangacha sa Bhunscoil**

### **Struchtúr an churaclaim**

Cuirtear an curaclam i láthair ina thrí shnáithe: *Inniúlacht chumarsáideach*, *Feasacht teanga* agus *Feasacht chultúrtha*. Beidh na snáitheanna seo comhtháite sa seomra ranga. Déanfar iad go léir a fhorbairt trí mheán na sprioctheanga. Tá gach snáithe foroinnte ina shnáithaonaid: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Beidh na snáithaonaid comhtháite freisin.

Tugtar eiseamláirí sa chló iodálach laistigh de gach snáithaonad. Is mar threoirlínte a thugtar iad seo. Tig leis an múinteoir iad seo a fhorbairt de réir mar a oireann nuair a bhíonn riachtanais an ranga i gcomhthéacs na scoile á mbeartú aige/aici.

I dtosach beidh an phríomhbhéim ar *Éisteacht* agus *Labhairt*. Cuirfear *Léitheoireacht* agus *Scríbhneoireacht* san áireamh sna céimeanna tosaigh freisin. Foghlaimíonn páistí i ranganna 5 agus 6 ar a lán slite agus tá sé tábhachtach go dtabharfaí aird air seo nuair a bhíonn an phleanáil ar siúl.

Is curaclam comhtháite é seo amhail Curaclam na Bunscoile agus ba chóir na topaicí a mholtar a iniúchadh sa chomhthéacs seo. Treoirlínte is ea na feidhmeanna a liostaítear gar do dheireadh an churaclaim arb aidhm dóibh cuidiú leis an múinteoir an obair ranga a phleanáil. Tá siad le húsáid i gcomhthéacs na dtopaicí. Beidh siad úsáideach freisin i gcomhthéacs an tsnáithe *Feasacht teanga*.

## **Foramharc ar an gcuraclam don Tionscadal Píolótach ar Nuatheangacha sa Bhunscoil**

### **Snáitheanna**

- Inniúlacht chumarsáideach
- Feasacht teanga
- Feasacht chultúrtha

### **Snáithaonaid**

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

### **Topaicí a mholtar**

- Caint an tseomra ranga
- Tú féin a chur in aithne
- Labhairt faoin teaghlach agus faoin scoil
- Uimhreacha, laethanta na seachtaine, míonna, séasúir, aimsir agus laethanta breithe a imscrúdú
- Am
- Cá gcónaím
- Féilte agus laethanta saoire
- Sainchaitheamh aimsire nó caitheamh aimsire

LEATHANACH BÁN

## **Feasacht teanga**

## Snáithe: Inniúlacht chumarsáideach

### Snáithaonad Éisteacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le gnáth-theanga an tseomra ranga agus freagairt di  
*iarratais*  
*orduith*  
*hört gut zu; asseyez-vous; haced fila; aspettate un po'*  
*teachtairichtaí*  
*tá ... as láthair/tinn/ ag an bhfiacloir*  
*beannachtaí sóisialta agus slán a fhágáil*  
*tagairtí do laethanta na seachtaine, míonna, séasúir, aimsir, eachtraí*
  - éisteacht ar mhaithe le taitneamh  
*amhráin, gníomhamhráin, rímeanna, dánta, rabhlóga, salmaireacht*  
*snagcheoil*  
*an aibítir*  
*fuaimeanna ainmhithe*
  - sraith ghníomhartha a dhéanamh fad a bhítear ag éisteacht le (a) an múinteoir nó (b) páiste eile  
*deir Ó Grádaigh/ Pumpnickel sagt/Jacques a dit*  
*seas suas; cuir do lámh dheas ar do chluas chlé, cas timpeall*  
*treoracha simplí corpoideachais agus damhsa/ luail faoi spreagadh*  
*ceoil*  
*cas, sín, lámha amach, cloigeann suas, ar gcúl, ar aghaidh, léim*  
*ar pháipéar cearnógach: éist le sraith treoracha d'fhonn aithris a*  
*dhéanamh ar an gcruth atá ar leathanach duine eile*  
*treoracha a leanúint ar phlean de bhaile mór*  
*Cas faoi dheis, faoi chlé. Tóg an chéad ... ar dheis, an dara*  
*ceann ar clé.*  
*Ar aghaidh díreach. Idir, os comhair, le hais*  
*puipéid shimplí a dhéanamh, cártaí d'ócáidí faoi leith*  
*oidis shimplí a leanúint, m.sh. pizza, crêpe, paella, Kartoffelsalat*  
*ar dtús, anois, ansin, ar deireadh*
  - éisteacht ar mhaithe leis an gciall fad atáthar ag fáil leideanna ó gheáitsí, dhreacha éadain, thon cainte agus chomhthéacs  
*ón múinteoir*  
*sleachta gearra ón teilifís (TV5), ó fhíseáin nó scannáin*
  - éisteacht le guth cainteoirí ó dhúchas agus iad ag labhairt ar ghnáthluas (ní gá go dtuigfí an sliocht amach is amach). Cuimseoidh sé seo, más féidir,  
*sleachta gearra sa sprioctheanga, as míreanna nuachta atá tráthúil*  
*agus spéisiúil ó thaobh radhairc de, a bhfuil eolas ag na páistí orthu*  
*cheana féin*
- áit a mbíonn an bhéim ar thuiscint iltaobhach is é an aidhm ná ciall ghinearálta an méid a bhíonn ráite a thuiscint.

- éisteacht chun eolas a fháil  
*mionsonraí a líonadh isteach de réir treoracha  
bearnaí a líonadh*
- éisteacht le scéalta  
*éisteacht ar mhaithe le taitneamh  
éisteacht faoi choinne focal áirithe a bhfuil na páistí eolach orthu  
cheana féin  
éisteacht faoi choinne fuaimneanna áirithe  
éisteacht ar mhaithe leis an gciall ghinearálta*
- cluichí éisteachta a imirt  
*ardaigh do lámh nuair a chloiseann tú fuaim áirithe  
bingo focal  
éisteacht d'fhonn frása agus pictiúr a chur le chéile m.sh. 'il fait  
beau', agus díríonn na páistí méar ar an gcairt chuí*
- éisteacht le páistí eile agus iad a thuiscint  
*bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ina ngrúpaí agus ina  
mbeirteanna.*

## Snáithe: Inniúlacht chumarsáideach

### *Snáithaonad Labhairt*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bualadh le daoine, beannú do dhaoine agus slán a fhágáil ag daoine
- é/í féin a chur in aithne  
*ainm agus sloinne, aois, seoladh*  
*spóirt, sainchaitheamh aimsire, caitheamh aimsire*  
*peataí a lua*
- labhairt faoin scoil  
*rang, múinteoir*  
*ábhair a fhoghlaimítear, ábhair is fearr leis/léi*  
*nithe sa seomra ranga*  
*feisteas*
- gnáthchaint an tseomra ranga a úsáid leis an múinteoir  
*mar shampla:*  
*Wiederholen Sie bitte!*  
*Est-ce que vous pouvez m'aider, s'il vous plaît?*  
*Posso andare al bagno?*  
*¿Qué significa ...?*  
*labhairt faoin aimsir; laethanta na seachtaine, na míonna*  
*labhairt faoi conas a bhraitheann sé/sí*  
*eochaircheisteanna a úsáid, chun soiléirithe: Cén fáth? Cad é? Cá*  
*háit? Cathain? Conas? Cé?*  
*an aibítir*  
*daoine eile/dalta nua a chur in aithne don rang*  
*léirthuisint, faomhadh agus easpa faofa a léiriú*  
*treoracha a thabhairt/géilleadh dóibh*  
*cead a iarraidh*  
*cabhair a iarraidh*  
*eolas a lorg, a thabhairt*  
*cá bhfuil rud éigin/cén t-am é/cén t-am a thosaíonn rud áirithe*  
*leaganacha a úsáidtear le linn cluichí: 'Éist!', 'Ciúnas!', 'Is é mo*  
*shealsa é!'*  
*c'est mon tour*  
*tocca a me*  
*ich bin dran*  
*me toca a mí*



- bheith gafa i ngníomhaíochtaí rólghlactha  
*sa bhaile*  
*ar scoil, an páiste mar mhúinteoir*  
*i mbialann nó i gcaife, sna siopaí*  
*comhrá fóin*
- na gnéithe spráúla de theanga a iniúchadh trí úsáid a bhaint as  
*rímeanna, amhráin, gníomhamhráin, salmaireacht snagcheoil,*  
*dánta, rabhlóga*  
*scéalta aithnidiúla a mbíonn athrá iontu*  
*labhairt i dtuin chainte éagsúla: go feargach, go brónach, go*  
*sonasach, go bog, os ard*
- cluichí cainte a imirt  
*seicheamhú: ‘Cathain a bhíonn do lá breithe?’ Ag cur páistí in ord*  
*de réir na míonna inar rugadh iad*  
*Bingo focal, bingo uimhreacha (an phríomhról ag na páistí gach*  
*re seach)*  
*Dearcaim*  
*Ich sehe was, was du nicht siehst*  
*Téim ag siopadóireacht agus ceannaím*  
*Je vais au magasin et j’achète ...*  
*Me voy de compras a Valencia para comprar ...*  
*Le Pendu*  
*Haifisch*  
*Il Gioco del Telefono*  
*ábhar ar dhlúthdhioscaí a úsáid*  
*freagairt os ard do leideanna scáileáin.*

## Snáithe: Inniúlacht chumarsáideach

### *Snáithaonad Léitheoireacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luaschártaí ar taispeáint sa seomra ranga a léamh  
*lipéid ar nithe sa seomra ranga*  
*luaschártaí de ‘fhocail don tseachtain/mhí’*  
*luaschártaí de fhrásaí a bhíonn in úsáid go minic sa seomra ranga*
- páirt a ghlacadh i léamh scéalta trí úsáid a bhaint as an osteilgeoir
- logainmneacha ar léarscáileanna ar taispeáint sa seomra ranga a léamh  
*léarscáil den domhan ina léirítear na tíortha ina labhraítear an teanga*  
*léarscáil den tír a léiríonn na táirgí/críochchomharthaí a bhfuil cáil ar an tír mar gheall orthu, an phríomhchathair, na príomhghnéithe fisiceacha*
- póstaer agus cairteacha ar taispeáint sa seomra ranga a léamh  
*radhairc as tíortha eile*  
*na bianna is rogha leis/léi*  
*an stór focal i ngnáthúsáid sa seomra ranga*
- ábhair ilghnéitheacha léitheoireachta a rochtain  
*stiallghreannáin*  
*cartúin*  
*dánta*  
*scéalta*
- tús focal agus deirí cuí a mheaitseáil agus cluichí imeartha á n-úsáid  
*pelmanachas*  
*dúradáin*
- píosaí téacs a bhaineann le scéalta a chualathas cheana a shrathú trí eochairfhocail nó frásaí a aithint
- teoracha d’oidis chócaireachta shimplí nó do thógáil mionsamhlacha a eagrú trí eochairfhocail a aithint

- féachaint ar fhógraí i nuachtáin atá scríofa sa sprioctheanga agus oiread eolais agus is féidir a bhaint as an bpictiúr agus an téacs a ghabhann leis  
*tithe, árasáin ar díol*  
*earraí tomhaltais*  
*bia agus deoch*  
*earraí tí*  
*troscán*
- foclóir dátheangach a úsáid, ag leanúint treoracha faoi conas é a úsáid i gceart.

## Snáithe: Inniúlacht chumarsáideach

### *Snáithaonad Scríbhneoireacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- lipéad a chur ar nithe sa seomra ranga  
*nithe ar ‘bhord spreagtha spéise’  
obair ealaíne ar théama bainteach  
an lá agus an dáta a scríobh*
- scríobh le haghaidh ócáidí ilghnéitheacha  
*teachtaireachtaí  
litreacha (de réir foirmle réamhshocráithe i dtosach)  
comhfhreagras ríomhphoist  
clár ama ranga  
cur síos ar a scoil  
téacs simplí a chur le pictiúir  
dialann shimplí aimsire a choinneáil  
líne ghinealaigh a chur ar taispeáint  
boscaí comhrá i gcartúin a líonadh  
cártaí d’ócáidí speisialta a cheapadh*
- tuairiscí pearsanta a thabhairt  
*Éirím ar a ... Ithim mo bhricfeasta. Téim ar scoil i gcarr, i mbus, ar rothar, de shiúl cos*
- mionsonraí pearsanta a thabhairt  
*cárta aitheantais pearsanta a chumadh*
- abairtí as raon d’abairtí ‘scrofa’ a chur i dtol a chéile go cuí, an fhoirm cheart a scríobh síos  
*abairtí clabhsúir  
focail a thugtar a athchóiriú d’fhonn abairt a dhéanamh  
le fruits J’aime et chocolat les  
(J’aime le chocolat et les fruits)  
immer Hunger habe in der Ich Pause  
(Ich habe immer Hunger in der Pause)*
- cluichí a imirt a bhfuil sé mar aidhm shainiúil leo obair atá déanta cheana féin a dhaingniú  
*puzail  
cuardach focal  
crochadóir  
bingo*

- nathanna, seanfhocail, ráite agus rabhlóga is eol do chách a scríobh agus a léiriú
- liosta de na focail is fearr leis/léi sa sprioctheanga a scríobh
- graif de na bianna is fearr leis/léi a dhéanamh
- scríobh chuig piaraí i dtíortha eile d'fhonn gnéithe den saol in Éirinn agus i dtíortha eile a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht ar bhealach a bhfuil brí leis
- ábhar a ullmhú le cur isteach i nuachtlitir na scoile/an ranga
- bailiúchán ranga a thiomsú a chuimseodh samplaí den obair a rinneadh i rith na bliana
- bailiúchan phearsanta dá c(h)uid oibre féin a choinneáil mar thaifead ar a bhfuil déanta. Is féidir an bailiúchán seo a thabhairt ar aghaidh ó rang 5 go dtí rang 6 agus ansin go dtí an iar-bhunscóil
- taifead ar a bhfuil déanta a léiriú agus a choinneáil trí bhileoga féinmheastóireachta a líonadh

*Is féidir liom m'ainm a rá, an t-am a thabhairt ... a iarraidh.*

LEATHANACH BÁN

## **Feasacht teanga**

## Snáithe: Feasacht teanga

### *Snáithaonad Éisteacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht i gcomhair gnáthfhuaimneanna
- éisteacht leis an aibítir agus iad seo a aithint  
*fuaimeanna atá an-chosúil leis an litir sa Bhéarla*  
*fuaimeanna atá cosúil go leor*  
*fuaimeanna atá an-éagsúil*  
*an bhaint atá acu le fuaimeanna sa Ghaeilge*
- éisteacht le fuaim teangacha eile agus féachaint le hainmneacha na dteangacha a ‘fhionnadh’  
*ábhar tairfeadta a úsáid*
- éisteacht faoi choinne fuaimeanna a bhaineann go saineúil leis an teanga agus fuaimeanna nach ndearna an páiste i ndáiríre cheana  
*fuaimeanna srónacha*  
*fuaimeanna gutaí*  
*fuaimeanna umlaut ü ö sa Ghearmáinis*  
*consain dhéadacha sa Spáinnis*  
*¿Adónde vas?*  
*La mañana*  
*gli san Iodáilis*  
*gli occhi blu*
- éisteacht ar mhaithe le ciall agus leideanna comhthéacsacha a úsáid chomh maith le héisteacht le ton na cainte, stadanna, gothaí agus béimeanna ar fhocail áirithe.



## Snáithe: Feasacht teanga

### Snáithaonad Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- teangacha a iniúchadh  
*beannachtaí atá ar eolas i dteangacha eile  
cosúlachtaí idir teangacha a bhfuil an páiste feasach orthu cheana  
féin agus an teanga 'nua' a imscrúdú  
féachaint ar fhocail agus fhrásaí atá in úsáid a shíolraigh ó  
theangacha eile: cul-de-sac  
teangacha páistí sa rang nach ionann a gcultúr nó a dteanga agus  
a bhfuil ag an tromlach a imscrúdú nuair is cú sin  
más cainteoirí teangacha eile ó dhúchas iad tuismitheoirí,  
seanathreacha, seanmháithreacha nó comharsana páistí,  
d'fhéadfaí cuireadh chun an ranga a thabhairt dóibh  
amhráin, dánta agus rímeanna atá ar eolas i dteangacha eile*
- tosú ar an mbealach a dtagann forbairt ar fhoghlaim teanga, ó fhoghlaim  
eochair-ainmfhocal ar aghaidh go dtí úsáid shofaisticiúil na gramadaí, na  
n-aimsirí agus struchúir abairtí, a léirthuisceint agus a anailísiú. Is féidir é  
seo a dhéanamh trí fheasacht ar an dul chun cinn a dhéantar i rith an ama  
a chaitear ag foghlaim na teanga a chothú
- ceisteanna a chur agus ceisteanna ó pháistí eile a fhreagairt sa  
spriotheanga  
*faoi an bhfuil ar a c(h)umas  
comhaireamh go dtí a sé i dteangacha eile  
'Dia duit' a rá i dteangacha eile  
faoi theangacha eile ba mhaith leis/léi a fhoghlaim  
faoi inscne focal a foghlaimíodh  
faoi na focail is fearr leis/léi sa spriotheanga.*

## Snáithe: Feasacht teanga

### Snáithaonad Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- focail atá cosúil le chéile i dteangacha éagsúla a aimsiú  
*bottle/buidéal/bottiglia/botella/bouteille*  
*flask/Flasche*  
*new/nua/nuovo/nuevo/nouveau/neu*  
*salt/salann/sale/sal/sel/Salz*
- féachaint ar an aibítir i dteangacha eile agus í a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le córais aibíteacha atá ar eolas cheana  
*an bhfuil cuma dhifriúil uirthi?*  
*an bhfuil litreacha inti nach bhfacthas cheana?*  
*féach ar na cineálacha aicinn a úsáidtear. An bhfuil siad*  
*inchomparáide leis na haicinn a úsáidtear i dteangacha atá ar*  
*eolas cheana?*
- féachaint ar cheartlitriú agus fhuaimneanna ‘nua’ sa sprioctheanga  
*ei/ie ß ‘w’ a fhuaimnítear mar ‘v’ sa Ghearmáinis*  
*an fhuaim ‘i’ /i:/ fada sa Fhraincis amhail in ‘il’*  
*‘v’ a fhuaimnítear mar ‘b’ sa Spáinnis*  
*‘gli’ amhail i ‘luglio’ san Iodáilis*
- féachaint ar ainmfhocail. Inscne ainmfhocail a phlé agus géilleadh aidiachtaí a thabhairt faoi deara. Sa Bhéarla, murab ionann agus teangacha eile, ní bhíonn géilleadh aidiachtaí i gceist toisc nach bhfuil aon inscne ag ainmfhocail.  

<i>the blue bag</i>	<i>le sac bleu</i>
<i>the big nose</i>	<i>il naso grandissimo</i>
<i>the white chair</i>	<i>an chathaoir bhán</i>
- féachaint ar struchtúr abairtí agus ar shuíomh na haidiachta i dtaca leis an ainmfhocail, mar shampla  
*sa Ghaeilge, sa Fhraincis, san Iodáilis, sa Spáinnis*  
*an teach bán*  
*la maison blanche*  
*la casa bianca*  
*la casa blanca*  
*sa Ghearmáinis agus sa Bhéarla*  
*das weiÙe Haus*  
*the white house*
- litreacha agus teachtaireachtaí ríomhphoist a léamh  
*samplaí de scríbhneoireacht dhílis piaraí san am i láthair.*

## Snáithe: Feasacht teanga

### Snáithaonad Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an aibítir a scríobh in oiread teangacha agus is féidir (cuir san áireamh teangacha atá ar eolas ag na páistí nó ag a dteaghlach) agus an chosúlacht agus na fuaimeanna a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht
- laethanta na seachtaine agus iad curtha i láthair i dteangacha éagsúla, aithnidiúla agus anaithnide, a shórtáil agus a scríobh amach i ngrúpaí teanga agus ina dhiaidh sin iad a chur in ord, ag úsáid leideanna  
*-tag; Dé; -day; -di; -es; -dì*  
*lundi; lunedì; Montag; Monday; Domhnach;*  
*dimanche; martes; Dé Máirt; mardi*
- bailiúchán a thiomsú a chuimseodh taifead d'eolas an pháiste ar an teanga de réir mar a théann sé/sí chun cinn.

Chuimseodh sí seo taifid mar:

*cumas an pháiste chun comhairimh i dteangacha éagsúla*  
*cumas an pháiste chun na tíortha ina labhraítear an teanga a ainmniú*

*cumas an pháiste chun é/í féin a chur in aithne i dteangacha éagsúla*  
*amhráin atá foghlamtha ag an bpáiste i dteangacha eile*  
*'bláth teangacha' a tharraingt agus ainmneacha oiread teangacha*  
*agus is féidir a scríobh ar na piotail. De réir mar a aithníonn agus*  
*a fhéachann na páistí ar na teangacha seo, de réir mar is féidir leo*  
*fuaimeanna na dteangacha a aithint nó eolas a chur ar na*  
*teangacha déantar na piotail a dhathú i ndathanna a bhíonn*  
*ceaptha cheana féin.*

- rímeanna nó amhráin chosúla atá ar fáil i dteangacha éagsúla a scríobh  
*un elefante se balanceaba sobre la tela de una araña*  
*une araignée se balance*  
*Happy birthday to you*  
*Tanti auguri a te*  
*¡Cumpleaños feliz!*  
*Du hast heut' Geburtstag!*  
*Fra' Martino, campanaro*  
*Brother John*  
*Frère Jacques*  
*Bruder Jakob.*

LEATHANACH BÁN

## **Feasacht chultúrtha**

## Snáithe: Feasacht chultúrtha

### Snáithaonad Éisteacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le ceol agus amhráin ó thíortha eile, ceol agus amhráin thraidisiúnta san áireamh
- é sin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le ceol na hÉireann, idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha  
*na gléasanna ceoil a úsáidtear  
an rithim a aithint  
an féidir é a chomhcheangal le ceol ó Éirinn/ó thíortha eile atá ar eolas cheana?  
an féidir aon tátal a bhaint as seo?*
- éisteacht le scéalta ó thíortha eile  
*scéalta aithnidiúla  
scéalta traidisiúnta ó thíortha eile*
- éisteacht le dánta, rímeanna agus rabhlóga  
*Zehn Ziegen zogen zwei Zentner Zucker zum Zoo  
Sopra la panca la capra canta, sotto la panca la capra crepa  
Une nouille mouillée à Neuilly  
Tres tristes tigres trepaban en un trigal*
- éisteacht le cuntais ar laethanta féile agus laethanta saoire i dtíortha eile  
*iad a chur i gcomparáid le laethanta féile agus laethanta saoire in Éirinn agus an chaoi a ndéantar iad a cheiliúradh  
díriú freisin ar laethanta féile, laethanta saoire agus traidisiúin na bpáistí ó chultúir eile atá mar dhaltaí sa rang*
- éisteacht le cuntais ar ghnáthlá scoile i dtír eile ina labhraítear an sprioctheanga  
*fís-naisc  
físeáin agus caiséid a mhalartú*
- éisteacht le sleachta gearra, áit a bhfuil siad ar fáil, as taifeadtaí teilifíse agus físeáin de  
*cláir nuachta (stíleanna éagsúla cur i láthair á mbreathnú)  
cláir spóirt  
cartúin.*

## Snáithe: Feasacht chultúrtha

### *Snáithaonad Labhairt*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scéalta, rímeanna, amhráin agus salmaireacht ó thíortha eile ina labhraítear an teanga a fhoghlaim
- ainmneacha páistí a bhaineann go follasach le tíortha ina labhraítear an teanga a ainmniú
- culaithirt thraidisiúnta agus cathain a chaitear í a phlé, ag úsáid frásaí nó abairtí simplí
- frásaí nó abairtí simplí mar gheall ar dhaoine cáiliúla ó thíortha ina labhraítear an sprioctheanga a fhoghlaim agus a cheapadh
- an t-airgeadra a phlé  
*ainm an airgeadra*  
*na boinn agus na nótaí*  
*an bhfuil sé deachúlach?*  
*cén luach atá air in aghaidh an phuint?*  
*an mbeidh an euro á thabhairt isteach ag an tír?*
- labhairt faoi bhratach tíortha éagsúla  
*éagsúlachtaí ina ndearadh a bhreathnú*  
*tábhacht na ndathanna a úsáidtear*  
*dathanna comhchoitinne*
- labhairt faoi bhia ó thíortha éagsúla  
*béilí a phlé*  
*amanna béile*  
*bianna traidisiúnta*  
*bealaí cócaireachta*  
*bealaí chun an bord a leagan*  
*miasa simplí a ullmhú, ag úsáid oideas ó thíortha éagsúla*  
*bianna atá ar fáil in Éirinn (san ollmhargadh) agus a gcomhábhair*  
*a phlé, an tír inar táirgeadh iad a 'fhionnadh'.*

## Snáithe: Feasacht chultúrtha

### *Snáithaonad Leitheoireacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léarscáileanna a léamh  
*tíortha agus limistéir ina labhraítear an sprioctheanga a aithint príomhchathair agus príomhghnéithe fisiceacha na dtíortha agus na limistéar seo*
- cláir ama a léamh  
*cláir ama scoileanna a bpiaráí i dtíortha eile, iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le clár ama a scoile féin cláir ama busanna agus traenacha, fad an turais idir áiteanna a áireamh*
- scéalta, rímeanna agus stiallghreannáin shimplí sa sprioctheanga a léamh
- oidis chócaireachta shimplí a léamh agus a úsáid
- nuachtáin sa sprioctheanga a léamh  
*breathnú ar stíleanna fógraíochta  
breathnú ar leathanach na teilifíse, breathnú ar amanna na gclár,  
cláir is féidir a fheiceáil ar an teilifís in Éirinn, fad na gclár a áireamh*
- ábhair dhílse sa sprioctheanga a bhfuil eolas iontu faoin tír, a nósanna agus saol agus achair spéise na bpáistí a chónaíonn inti a léamh  
*foilseacháin chuí a cheannach ar shíntiús*
- léamh ar mhaithe le heolas  
*gníomhaíochtaí ina mbíonn ‘bearna chumarsáide’ agus inar gá eolas a mhalartú—obair ina ngrúpaí nó ina mbeirteanna.*



## Snáithe: Feasacht chultúrtha

### *Snáithaonad Scríbhneoireacht*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- abairtí simplí clabhsúir atá bainteach lena bhfuil múinte a chríochnú
- léaráidí a thógáil agus a chríochnú a léiríonn, mar shampla, spóirt in Éirinn, spóirt i dtíortha eile agus spóirt chomhchoitinne
- fógraí simplí a bheadh oiriúnach don nuachtán nó le taispeáint i bhfuinneoga siopa, mar shampla  
*trí bharra seacláide ar...*  
*ar díol: rothar a d'oirfeadh do pháiste sé bliana d'aois*  
*caille: cat dubh agus cluas bhán amháin air*  
*Verschwuneten: ...*  
*À vendre: ...*
- graif a dhéanamh a léireodh, mar shampla, na bianna is fearr le páistí, na bealaí a dtéann siad chun na scoile agus ar ais, na cláir theilifíse is fearr leo. D'fhéadfaí iad seo a tháirgeadh de thoradh comhfhreagrais le páistí i dtír eile.

LEATHANACH BÁN

## **Ag forbairt na dtopaicí**

## Ag forbairt na dtopaicí

Sa chuid seo tugtar *comhairle* mar gheall ar fhorbairt na dtopaicí atá molta. Níl siad curtha i láthair in aon ord faoi leith agus téann siad isteach ina chéile go mór, rud a sholáthróidh deis ar an teanga a fhoghlaimítear in áit amháin a athúsáid i gcomhthéacs ‘nua’ in áit eile.

Ní mór ilchineálacht chúlraí na bpáistí sa rang a aithint agus soláthar dóibh sin nuair a bhíonn na topaicí á dtionscnamh. D’oirfeadh sé roinnt de na hachair a mhúineadh i gcomhthéacs tionscadail atá ar siúl. Modh eile a bheadh an-oiriúnach chun achair a mbeadh mothálacht ag baint leo a bharraíocht is ea rólghlacadh.

Déanfar gach topaic a threisiú agus a dhaingniú le hamhráin, rímeanna, dánta, rólghlacadh agus cluichí.

### 1. Mé féin a chur in aithne:

- (a) Beannachtaí: Hi! Haló! Conas tá tú?  
Ag fágáil slán: Slán agat! Feicfidh mé thú!
- (b) ... is ainm dom
- (c) Cad is ainm duit?  
... is ainm dó/di.
- (d) Tá mé ard/íseal. Tá gruaig dhubh orm. Tá gruaig fhada orm. (Tá gruaig fhada dhubh orm).  
Tá dath gorm ar mo shúile.
- (e) Cathain a bhíonn do lá breithe?  
Bíonn mo lá breithe ar ... (cuir isteach an dáta freisin)
- (f) Is maith liom leadóg, cispheil, peil, rugbaí, iománaíocht, camógaíocht a imirt.  
*Seinim an pianó, an veidhlín, an fhliúit Shasanach, an fheadóg stáin.*
- (g) Is féidir liom m’ainm a litriú ...
- (h) Is maith liom ... (bia, deoch, cláir theilifíse)  
Ní maith liom ... (dul go dtí an fiacloir, bheith ag déanamh m’obair bhaile)  
Is fearr liom ... (seacláid, brioscaí, torthaí)  
Ba mhaith liom ... (dul go dtí an phictiúrlann, dul go dtí an pháirc, deoch a bheith agam).
- (i) Is féidir liom an pianó a sheinm.  
Ní féidir liom snámh.  
Is féidir liom Gaeilge a labhairt.  
Is féidir liom ‘go raibh maith agat’ a rá i ... (na teangacha a ainmniú).
- (j) Tá sé ... tar éis a trí. Tá sé a ... a chlog.  
Tá oifig an phoist os comhair/le hais an bhainc/an ollmhargaidh.

(k) Rachaidh mé ag siopadóireacht tar éis scoile.  
Tá mé ag dul go dtí an trá.

(l) Tá mé sona/brónach.  
Tá faitíos orm.  
Tá tinneas cinn/ pian i mo bholg/ tinneas fiacaile orm.  
Tá ocras/tart/tuirse orm.

## 2. Labhairt faoin teaghlach:

- (a) An bhfuil deartháireacha agat? An bhfuil deirfiúracha agat? Cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat?  
Níl aon deartháir agam. Tá ... deartháir agam.  
Níl aon deirfiúr agam. Tá ... deirfiúr agam.  
Tá ... deirfiúr agus ... deartháir agam.  
Níl aon deirfiúr ná deartháir agam.
- (b) Cad iad na hainmneacha atá orthu? Cén aois iad?
- (c) An bhfuil aon uncail, aintín, cholceathrair agat? Cad iad na hainmneacha atá orthu?  
An bhfuil aon seanathair nó seanmháthair agat? (Ba chóir plé leis seo go discréideach.) Is féidir cead a thabhairt do na páistí labhairt faoi bhaill teaghlaigh shamhailteacha.
- (d) An bhfuil aon pheata agat? Tá cat donn, madra dubh, dhá phearaicít Astrálach agam.  
Ainmnigh roinnt ainmhithe a gheobhfá ar fheirm. Cén t-ainmhí is fearr leat? Déan cur síos ar an ainmhí.

## 3. An áit a dtéim ar scoil:

- (a) Cad is ainm don scoil?
- (b) Cad é seoladh na scoile?
- (c) Cén rang ina bhfuil tú?
- (d) Cad is ainm do do mhúinteoir?
- (e) Cé mhéad páiste i do rang? Tá ... páiste sa rang. Tá ... buachaill agus ... cailín ann.
- (f) Cad iad na hábhair a fhoghlaimíonn tú ar scoil? Foghlaimím na hábhair seo a leanas ar scoil: Gaeilge, Béarla, matamaitic, stair, tíreolaíocht, ceol, reiligiún, amharcealaíona, corpoideachas, eolaíocht, OSPS (oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte).
- (g) Cad iad na hábhair is maith leat? Cad é an t-ábhar is fearr leat? Is maith liom ... agus ...  
Is é ... an t-ábhar is fearr liom.
- (h) Cad iad na laethanta den tseachtain a mbíonn na gníomhaíochtaí éagsúla scoile ar siúl agat?  
Ceol, drámaíocht, corpoideachas. Déanaimid ... Dé Luain. Bíonn corpoideachas againn Déardaoin.

- (i) Cén t-am a thosaíonn tú ar an obair scoile? Cén t-am a chríochnaíonn tú an obair scoile? Tosaímid ag ... r.n. agus críochnaímid ag ... .

#### 4. Teanga an tseomra ranga a thionscnamh:

- (a) Ar mhiste leat suí síos/seasamh suas? Dún an doras, le do thoil. Oscail an fhuinneog, le do thoil. Ciúnas, le do thoil. Éist go cúramach. Ar mhiste leat é sin a athrá, le do thoil? Tóg amach do chóipleabhar. Stop!
- (b) Nithe a úsáidtear: peann luaidhe, cailc, glantóir, peann, gléas stáplála, stáplaí, péint, scuab(anna) péinteála, criáin, páipéar, pinn mharcála, rialóir.
- (c) Lipéid: clár dubh, deasc, cathaoir, fuinneog, doras, seilf, cófra, bord dúlra/spreagtha spéise, tarraiceán, pictiúr, cóipleabhair, leabharlann, dabhach, buacairí.
- (d) Dia duit ar maidin/Dia duit. Conas tá tú? Seo é ... . Togha duine. Conas a déarfá ....? Go raibh maith agat. Gabh mo leithscéal. An bhfuil tú cinnte? An dtig liom cabhrú leat? An dtuigeann tú? Cá bhfuil ...? Tá sé ar, faoi, ar chúl, os comhair, in aice, os cionn, idir.
- (e) Frásaí i ngnáthúsáid de réir mar a oireann ag an am. D'fhéadfaí díriú ar fhrásaí áirithe thar achar ama, mar choicís nó mhí.
- (f) D'fhéadfadh ceisteanna a bhíonn i ngnáthúsáid a bheith ar taispeáint, ar phóstaear, ar an gclár dubh agus ar luaschártaí.
- (g) Foclóir cluichí. Caith na díslí. Is liomsa imirt. Is leatsa imirt. Cé leis imirt? Ná déan caimiléireacht. Cén uimhir a fuair tú? Cé mhéad cárta atá agat? Bog an lorg. Mise a bhuaigh. Chaill mise. Cé mhéad duine ar d'fhoireann? Cé atá ar d'fhoireann? Cé mhéad foireann atá ann? Tá 'T' tofa.
- (h) Éide. Tá léine ... agus ... agus carbhat ... á gcaitheamh agam. Tá geansaí/cairdeagan ... agus bríste/sciorta ... orm.  
Ar an Déardaoin le linn corpoideachais caithim culaith spóirt agus bróga reatha ... (dathanna cuí a chur isteach sna bearnaí).

#### 5. Uimhreacha, laethanta na seachtaine, míonna, laethanta reithe, féilte:

- (a) Cén aois thú? Tá mé ... bliana d'aois.
- (b) Cén aois í Máire/do dheirfiúr? Tá sí ... bliana d'aois.  
Cén aois é Tomás/do dheartháir? Tá sé ... bliana d'aois.
- (c) Cad iad míonna na bliana? Cén mhí í seo/an mhí seo caite/an mhí seo chugainn? Cad a tharlaíonn i mí na Nollag (an Nollaig), i mí Feabhra (Lá Fhéile Vailintín)? Cathain a bheas an Cháisc ann? Cathain a thosaíonn an bhliain scoile? Cathain a chríochnaíonn an bhliain scoile? Cathain a théimid ar saoire? Cathain (cén mhí) a bhíonn sos Oíche Shamhna ann?

- (d) Ainmnigh na ceithre shéasúr. Cad iad míonna an earraigh/an tsamhraidh/an fhómhair/an gheimhridh? (Ní hionann na séasúir i ngach tír.)
- (e) Foclóir na haimsire: Cén sórt aimsire atá ann inniu? Tá sí fliuch/tirim; fuar/brothallach/te/reoite; gaofar/ciúin; scamallach/ceoch/breá. Tá sé ag cur báistí. Tá sé griannmhar. Is féidir dul chun cinn uaidh seo agus aidiachtaí a chuimsiú, mar shampla: Is lá fuar fliuch é. Is lá breá griannmhar é.  
Is féidir pictiúir a úsáid a léiríonn saghsanna difriúla aimsire—cuireann páiste amháin síos ar na héadaí atá á gcaitheamh agus déanann páistí eile amach cén saghas aimsire é. D'fhéadfaí clár aimsire a chur ar taispeáint sa seomra ranga freisin. Bheadh níos mó mioneolais ar chlár aimsire rang 6 ná mar a bheadh ar an gceann i rang 5.
- (f) Uimhreacha suas go dtí 31 i dtosach. Cuideoidh sé seo le laethanta breithe agus dáta an lae a phlé. Is féidir cur leo seo de réir mar is gá, mar shampla nuair a bhíonn an líon páistí sa rang á phlé.  
Cén dáta é an lá inniu? Cén dáta a mbeidh na laethanta saoire á bhfáil againn? Cathain a bheimid ag dul ar thuras scoile?
- (g) Cathain a bhíonn do lá breithe? Bíonn mo lá breithe ar an 15 Nollaig/23 Lúnasa.
- (h) Cathain a bhíonn lá breithe do dhearthár/do dheirfear? Cathain a bhíonn lá breithe do sheanmháthar? Cathain a bhíonn lá breithe do chara?
- (i) Cáirteá lá breithe a dhéanamh: an stór focal do na nithe atá riachtanach. Páipéar, pinn luaidhe, siosúir, péint, scuabanna péinte.
- (j) Cuireadh chuig cóisir lá breithe. A ..., a chara, Is mian liom cuireadh a thabhairt duit chuig cóisir ar mo 11ú lá breithe ar ... , ó ... go dtí ... . Tá súil agam go mbeidh tú in ann teacht. Litir chuig cara pinn ag cur síos ar Lá Fhéile Pádraig.

## 6. Am:

- (a) Cén t-am é? Tá sé ... a chlog. Tá sé leathuair tar éis ... .Tá sé ceathrú tar éis/ceathrú chun ... Tagair don chlog ceithre huair fichead.  
Féach ar chláir ama. Cén t-am a fhágann an traein (ainm na láithreach)? Cén t-am a shroicheann sí ...?
- (b) Cén t-am a éiríonn tú i rith na seachtaine? Éirím ag ... . Fágaim an teach ag ... .Faighim an bus ag ... . Cén t-am a éiríonn tú Dé Sathairn/Dé Domhnaigh? Cén t-am a théann tú chuig babhtaí traenála/ceachtanna ceoil/ranganna ealaíne?
- (c) Cén t-am a théann tú a luí i rith na seachtaine? Téim a luí ag ... . Cén t-am a théann tú a luí Dé hAoine agus Dé Sathairn? Téim a luí i ndiaidh (an clár teilifíse). Téann mó dheirfiúr a luí romham.
- (d) Eachtraí i rith gnáthlá scoile. Téim ar scoil ag ... . Tosaíonn na ranganna ag ... .Bíonn briseadh againn ag ... . Ag ... bíonn an lón againn. Críochnaíonn an scoil ag ... . Tagann an bus ag ... . Bíim sa bhaile ag ... . Déanaim mo cheachtanna ag ... .

## 7. An áit a gcónaím:

- (a) Cá gcónaíonn tú? Cónaím i ... .
- (b) Cad é do sheoladh? Is é mo sheoladh ná 24 Sráid an Chuilinn, Baile Átha Troim, Contae na Mí. Tig le páistí seoladh a chumadh má cheaptar gur ceist íogair í seo (d'fhéadfadh coincheap an tsráidbhaile a bheith úsáideach agus d'fhéadfaí ainmneacha sráideanna a mhodhnú go hiomchuí).
- (c) Cá gcónaíonn Máire/Dáibhí? Cónaíonn Máire i Sráid ... . Cá gcónaíonn teaghlach R? Cónaíonn siad le hais oifig an phoist in Ascaill ... . Cónaíonn Dáibhí os comhair an tséipéil; idir an pháirc agus an t-ospidéal; in aice na scoile/monarchan/feirme.
- (d) Bain feidhm as plean simplí de bhaile mór samhailteach agus iarr/tabhair treoracha faoi conas dul go dtí an t-ollmhargadh, stáisiún na traenach, an t-ospidéal, an búistéir, an báicéir, an siopa bréagán, an siopa ceirníní, an phictiúrlann. Tóg an chéad chasadh faoi chlé. Lean ort díreach ar aghaidh. Tá sé ar dheis idir an ... agus an ... agus os comhair an ... .
- (e) Ceap plean den cheantar áitiúil má tá sé sin oiriúnach agus déan cur síos ar cá bhfuil siopaí agus foirgnimh éagsúla agus conas dul fad leo. Tabhair treoracha—tóg an chéad bhóthar faoi dheis agus an dara ceann faoi chlé, lean ort díreach ar aghaidh agus feicfidh tú é ar chlé os comhair an bhainc/stáisiún na traenach.
- (f) Samplaí de sheoltaí i dtíortha eile a chur i láthair na bpáistí. Féach ar an gcaoi a scríobhann páistí ó thíortha eile a seoladh ar litreacha. Cén sórt seolta a chuirtear ar an gclúdach?

## 8. Tithíocht:

- (a) Déan cur síos ar an áit a gcónaíonn tú. Cónaím i dteach, in árasán, ... . Cé mhéad seomra atá ann? Tá dhá sheomra codlata, cistin, seomra bia, seomra teilifíse ann.
- (b) Cén troscán atá i ngach seomra? Cá bhfuil an chathaoir? Tá sé ar aghaidh na fuinneoige amach.
- (c) Tarraing plean nó déan mionsamhail den teach.
- (d) Cuir lipéid ar na seomraí agus ar an troscán.
- (e) Is féidir eolas faoi bhailte i dtíortha eile a mhalartú sa chomhfhreagras a dhéantar le páistí as tíortha eile.

## 9. Féilte agus laethanta saoire:

- (a) Féilte sna tíortha ina labhraítear an sprioctheanga.  
Cathain a bhíonn an Nollaig ann?  
Cathain agus conas a chomórtar í i dtíortha eile?  
Cathain a bhíonn an Cháisc ann? Cathain a bhíonn Lá Fhéile Pádraig ann? Cathain a bhíonn Lá an Bastille ann?



Cad iad na dátaí, na féilte poiblí/reiligiúnacha tábhachtacha eile (cinn neamh-Chríostaí san áireamh, nuair is cuí) a chomórtar?

- (b) Traidisiúin i dtíortha eile, mar shampla scéal La Befana ón Iodáil.
- (c) Ag dul ar saoire. Tá mé ag dul go dtí ... . Tá mé ag dul in eitleán, i dtraein, i gcarr, i mbus, i long. Tá mé ag dul in éineacht le mo chlann/i m'aonar.
- (d) Éadaí do na laethanta saoire. Bíonn sé te i... . Tabharfaidh mé liom mo chulaith snámha, bhrístí gairide, T-léinte, chuaráin. Bíonn sé fuar i ... . Tabharfaidh mé liom geansaithe, bríste géine, buataisí, seaicéad.

## 10. Sainchaitheamh aimsire:

- (a) Spóirt: Imrím (ainmnigh na spóirt). Tá mé ar fhoireann cispheile, peile, snámha na scoile. Imrím ... freisin. Is fearr liom ... . Ní maith liom bheith ag imirt ... . Cén duine cluichíochta is fearr leat?
- (b) Ceol: Seinnim an (ainmnigh an gléas ceoil). Is maith liom éisteacht le ... . Is iad ... an grúpa is fearr liom. Ba mhaith liom dul chuig ceolchoirm ... .
- (c) Léitheoireacht: Is maith liom scéalta eachtraíochta/scéinséire/dúlra. Is é/í ... an t-údar is fearr liom. Is maith liom ... freisin. Léim greannáin/irisí peile.
- (d) Teilifís: ... an clár teilifíse is fearr liom. Féachaim ar chláir nádúir/chláir chócaireachta/chláir spóirt. Is maith liom/fuath liom bheith ag féachaint ar ... .
- (e) Gníomhaíochtaí lasmuigh: Téim ag siúl/ag dreapadh/ag treodóireacht/ag seoltóireacht/ag marcaíocht ar chapall. Téim amach leis na Gasóga/Banóglaigh ag an deireadh seachtaine.
- (f) Amharcealaíona: Bíim ag péinteáil/ag tarraingt/ag déanamh colláise/ag déanamh mionsamhlacha/ag cniotáil/ag fuáil/ag criadóireacht.
- (g) Ag bailiú: Bailím stampaí/ornáidí/ainmhithe clúmhacha/cártaí poist/greamáin/cártaí cuairte. Malartaím ... .

LEATHANACH BÁN

## **Measúnú sna nuatheangacha**

## Réamhrá

Cuid riachtanach den phróiseas teagaisc agus foghlama is ea an measúnú. Is é an príomhaidhm atá leis ná eolas leanúnach mionchruinn a sholáthar don mhúinteoir faoi eolas na bpáistí, a dtuiscint ar choincheapa agus a máistreacht ar scileanna. Is é an toradh a bhíonn air seo, ar a sheal, go mbíonn tuiscint níos fearr ag an múinteoir ar an bpáiste agus ar a riachtanais, agus cuidíonn sé seo leis/léi gníomhaíochtaí oiriúnacha foghlama a cheapadh a chuirfidh ar chumas an pháiste an sochar is fearr a bhaint as an gcuraclam sna nuatheangacha. Tá an próiseas timthriallach seo—foghlaim, measúnú, riachtanais aonair á n-aithint, straitéisí teagaisc á meas agus eispéiris fhoghlama don todhchaí á bpleanáil—fíor-riachtanach do theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach.

## Ról an mheasúnaithe: *cad chuige measúnú?*

Is féidir an measúnú a úsáid chun faire ar ráta forbartha theanga na bpáistí maille le héifeachtacht na húsáide a bhaineann siad as an teanga chun foghlama agus cumarsáide. Soláthraíonn sé bealach don mhúinteoir chun riachtanais páistí aonair a aithint agus cuireann sé ar a c(h)umas ábhar an churaclaim a mhodhnú, na comhthéacsanna foghlama a cheapadh agus na straitéisí teagaisc a úsáid a dhéanfaidh foghlaim éifeachtach a éascú. Nuair a úsáidtear measúnú ar an gcaoi seo bíonn ról *múnlaiteach* á chomhlíonadh aige i dtaca le forbairt na bpáistí.

Soláthraíonn *measúnú suimitheach* samhail shoiléir den dul chun cinn a bhíonn déanta ag an bpáiste aonair. Tugtar faoin gcineál seo measúnaithe tar éis do thopaic a bheith críochnaithe nó ag deireadh achair áirithe ama. Is féidir an modh measúnaithe seo a thabhairt ar aghaidh ag úsáid modhanna a oireann don ní a bhíonn á mheasúnú.

## Measúnú sa churaclam do nuatheangacha:

### *cad ba chóir a mheasúnú?*

Ceann de príomhaidhmeanna an churaclaim do nuatheangacha is ea a chur ar chumas páistí an teanga a úsáid mar mheán cumarsáide. Chuige seo caithfear na ceithre scil éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a shealbhú. I dtaca le teanga a fhoghlaim sa bhunscoil, díreofar an aire is mó ar an dá scil thosaigh, éisteacht agus labhairt. Nuair a bheas cumas an pháiste chun cumarsáide á mheasúnú cuirfear treise ar an méid is féidir leis an bpáiste a dhéanamh i dtaca leis na ceithre scil. Is féidir dearcadh an pháiste ar fhoghlaim na sprioctheanga a mheasúnú chomh maith mar aon lena t(h)oilteanas chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teanga sa rang.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí scileanna an pháiste maidir le héisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a mheasúnú i gcomhthéacs gach ceann de thrí shnáithe an churaclaim, *Inniúlacht chumarsáideach*, *Feasacht teanga* agus *Feasacht chultúrtha*.

## *Éisteacht*

Is é príomhaidhm an tsnáithaonaid seo ná scil na héisteachta a fhorbairt a thuilleadh agus straitéisí foghlama a threisiú agus a fhorbairt. Nuair a bhíonn scileanna éisteachta an pháiste á meas ag an múinteoir, cuirfidh sé/sí san áireamh nithe mar chumas an pháiste chun gnáth-theanga ranga an mhúinteora a thuiscint, chun ceisteanna a fhreagairt agus chun teoracha a leanúint. I dtosach is leor freagairt neamhbhriathartha ar an méid a deirtear chun tuiscint a léiriú. I ndeireadh báire, áfach, gheofar freagairt ó bhéal.

### ***Labhairt***

I dtosach déanfaidh an páiste cumarsáid trí ghothaí a úsáid nó trí ghéilleadh do threoracha. Cuirfear tús le cumarsáid ó bhéal trí úsáid a bhaint as frásaí agus abairtí caighdeánacha a bhíonn in úsáid go minic sa rang, agus rachfar chun cinn go dtí athchúrsáil teanga i gcomhthéacsanna nua. Beidh na páistí in ann bualadh le chéile, beannú agus slán a fhágáil, leithscéal agus buíochas a ghabháil, agus ceisteanna agus freagraí simplí a éilíonn agus a thugann eolas a úsáid. Beidh ar a gcumas teanga oiriúnach a úsáid chun cluichí focal agus clár a imirt, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rólghlactha, idirghníomhú le cuairteoirí go dtí an seomra ranga. Cuirfidh an measúnú iad sin go léir san áireamh maille le cumas an pháiste chun teanga a fhoghlaimítear i gcomhthéacs áirithe a chur in úsáid i gcomhthéacs nua.

### ***Léitheoireacht***

Nuair a bhíonn cumas léitheoireachta an pháiste á mheasúnú, cuirfear an bhéim ar a t(h)uiscint ghinearálta ar an méid a bhíonn léite. Is féidir é seo a mheasúnú ó bhéal trí cheisteanna a chur a bhíonn bunaithe ar shleachta simplí den téacs nó ar scéalta a bhíonn léite.

### ***Scríbhneoireacht***

Bunófar measúnú na scríbhneoireachta ag an leibhéal seo ar an méid a bhíonn cloiste agus léite ag an bpáiste. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí freagraí aonfhoclacha, nó go ndíreofaí ar cheartlitriú nó ar an gcumas chun abairtí simplí a cheapadh i gceart.

### **Gléasanna measúnaithe: *conas measúnú a dhéanamh***

Tá gléasanna ilghnéitheacha ann atá oiriúnach chun nuatheangacha ag leibhéal sinsearach na bunscoile a mheasúnú. Orthu sin tá

*breathnadóireacht an mhúinteora*  
*plé idir an múinteoir agus an dalta*  
*tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*  
*samplaí oibre*  
*bailiúcháin oibre*  
*tionscadail*  
*próifílí curaclaim*

Nuair a úsáidtear na gléasanna seo i dteannta a chéile straitéis ilchineálach is ea iad a chuireann ar chumas an mhúinteora riachtanais fhoghlama shainiúla a aithint agus straitéisí cuí teagaisc a cheapadh.

### ***Breathnadóireacht an mhúinteora***

Seo é an cineál measúnaithe is minice a úsáideann múinteoirí. Is é atá i gceist leis ná monatóireacht neamhfhoirmiúil ar dhul chun cinn na bpáistí de réir mar a bhíonn an fhoghlaim féin ar siúl. Nuair a bhíonn múinteoirí ag déanamh breathnadóireachta ar na céimeanna éagsúla feabhais a bhaineann na páistí amach agus scileanna difriúla teanga á sealbhú agus á máistreacht acu, bíonn a gcur chuige teagaisc á athrú de shíor acu agus comhthéacsanna foghlama á modhnú acu le linn dóibh bheith ag teagasc.

Baineann cuid mhór den bhreathnadóireacht seo le mionghníomhaíocht foghlama a bhíonn ar siúl ar an toirt agus ní dhéantar í a chlárú. Bheadh sé áisiúil, áfach, notaí gearra a bhreacadh síos ó am go ham mar gheall ar riachtanais shonracha foghlama. Tig leis seo cabhair bhreise a thabhairt don mhúinteoir nuair a bhíonn dul chun cinn an ranga nó grúpa nó páiste á áireamh aige/aici uair ar bith agus cuidiú leis/léi straitéisí teagaisc fadtréimhseacha agus gearrthréimhseacha a phleanáil.

Is féidir leis an múinteoir scileanna éisteachta an ranga a mheasúnú

- *nuair a bhíonn teagasc foirmiúil teanga ar siúl*
- *tríd an gcaoi a bhfreagraíonn an páiste d'úsáid spontáineach teanga teagmhasaí i rith an lá scoile a bhreathnú*
- *trí cheisteanna a chur ar an bpáiste.*

### ***Plé idir an múinteoir agus an dalta***

Is féidir leis an múinteoir a bhfuil ag tarlú a phlé leis an bpáiste i gcomhthéacs nuatheangacha. Modh rí-úsáideach é seo chun dearcadh agus dul chun cinn an pháiste a mheasúnú, modh a d'fhéadfadh cuidiú le planáil don todhcháil.

### ***Tascanna agus trialacha a cheapann an múinteoir***

Gné eile fós den chineál seo measúnaithe leanúnaigh is ea monatóireacht ar ghníomhú na bpáistí i dtascanna éagsúla a eascraíonn as iad a bheith i ngleic leis an gcuraclam. Is é an buntáiste a bhaineann leis na tascanna seo ná go mbíonn na páistí eolach ar an gcur chuige agus ar an leibhéal teanga a bhíonn ag teastáil.

Is féidir tascanna ilghnéitheacha bunaithe ar na snáitheanna agus na snáithaonaid a úsáid d'fhonn cumas an pháiste chun tuisceana agus cumarsáide a mheasúnú. Cuimsíonn siad seo

- treoracha a leanúint d'fhonn gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh, mar shampla pictiúr a tharraingt, pictiúr a chríochnú, treoracha a leanúint ar léarscáil shimplí
- páirt a ghlacadh i gcluichí éisteachta, mar shampla bingo, fuaimneanna corra a aithint, gnáthfhuaimneanna a aithint, éisteacht faoi choinne focal sainiúil
- ceisteanna simplí a fhreagairt mar gheall ar scéal, dán, bratach tíortha, príomhchathracha, críoch-chomharthaí cáiliúla
- ceisteanna mar gheall air/uirthi féin a fhreagairt
- ceisteanna a chur
- páirt a ghlacadh i rólchruthú agus i ngníomhaíochtaí simplí drámaíochta a spreagann an páiste chun an stór focal agus na struchtúir abairte a bhíonn foghlamtha cheana a athchúrsáil
- cluichí meaitseála a imirt, mar shampla focal agus pictiúr a mheaitseáil, frása agus pictiúr a mheaitseáil, pearsana a mheaitseáil de réir na gcur síos a thugtar
- píosaí simplí téacs a sheicheadh.

### ***Samplaí oibre, bailiúcháin oibre agus tionscadail***

Má dhéantar samplaí d'obair pháistí aonair sa rang a chnuasach is féidir taifead carnach dá ngníomhú i rith na bliana a choinneáil. D'fhéadfadh an bailiúchán oibre samplaí den obair ar tugadh fúithi i rith na bliana a chuimsiú, mar shampla cártaí d'ócáidí speisialta, comhfhreagras le cairde pinn trí mheán TEC nó ar mhodh eile, iontrálacha den chineál a bheadh i ndialann, nó dánta agus rímeanna a foghlaimíodh i rith na bliana.

Áit a mbíonn obair ghrúpa i gceist sna tionscadail, is féidir achoimrí agus léirithe den obair a chur san áireamh. Tugtar scileanna éagsúla le chéile san obair ghrúpa d'fhonn táirge a sholáthar ag deireadh. Úsáidfear buanna gach páiste agus bainfidh siad leas freisin as scileanna a chéile. Is féidir le páiste amháin ceisteanna a chur agus is féidir le páiste eile na freagraí a bhreacadh síos. Is féidir le páiste amháin an téacs a scríobh agus páiste eile na léaráidí a sholáthar.

D'fhéadfadh na bailiúcháin bileoga féinmheastóireachta a chuimsiú freisin, bileoga a líonfadh an páiste isteach de réir mar a d'oirfeadh. Dhéanadh an páiste an méid atá ar eolas aige/aici nó is féidir leis/léi a dhéanamh a chlárú.

- Is féidir liom beannú do dhuine
- Is féidir liom slán a fhágáil
- Is féidir liom m'ainm agus sloinne a insint do dhuine éigin
- Is féidir liom fiafraí de dhuine éigin cad is ainm dó/di
- Tá trí thír ina labhraítear an sprioctheanga ar eolas agam

Soláthraíonn samplaí oibre agus bailiúcháin oibre léargas úsáideach ar fhorás an pháiste i bhfoghlaim teanga sna trí shnáithe.

### ***Próifílí curaclaim***

Is féidir struchtúr níos foirmiúla a chur ar bhreathnadóireacht neamhfhoirmiúil leanúnach an mhúinteora ar dhul chun cinn na bpáistí trí phróifílí curaclaim a úsáid. Is é a bheadh iontu ná gearrchuntais thuairisciúla ar ghnóthachtáil, ar iompraíocht agus ar dhearcadh daltaí i dtaca le foghlaim teanga agus foghlaim trí mheán teanga. Ba chóir na próifílí curaclaim a dheardh sa chaoi go mbeifí in ann an t-uasmhéid eolais a chlárú go héasca sa chaoi nach gcaithfí ach an t-íosmhéid d'am an mhúinteora agus an dalta.

### ***Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe***

